CEACHT 3

CÁCA MILIS

A. Athdhéanamh ar chuid den fhoclóir a múineadh,

m.sh. lámh, cos, ceann, súil, srón, béal, etc.

Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,

m.sh. Conas atá an aimsir//Cén | chaoi | a bhfuil an aimsir?
Tá sé te/fuar/fliuch/tirim.
Tá sé ag cur báistí/fearthainne.

B. **Cloisteáil, Aithint, Aithris**

Bunchomhrá

Tá Mamaí sa chistin. Tá sí ag an mbord. Tá plúr ar an mbord. Tá siúcra ar an mbord. Tá bainne ar an mbord. Tá Mamaí ag déanamh cáca milis. Tá Nuala ag féachaint ar Mhamaí.

C. **Cleachtadh**

Cé atá sa chistin? An bhfuil Mamaí sa ghairdín?
An bhfuil Mamaí ina suí/ina seasamh? Céard/Cad atá ar an mbord?
Céard atá Mamaí a dhéanamh/Cad atá á dhéanamh ag Mamaí?
An maith leat cáca milis?
Céard atá Nuala a dhéanamh/Cad atá á dhéanamh ag Nuala?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,
m.sh. Tá Mamaí **ag an mbord/an tine/an doras/an cófra,** etc.
Tá Mamaí ag déanamh **cáca milis/tae/caife,** etc.

D. **Leathnú**

Amhrán (An ceol ar théip)

Cáca Milis

Tá Mamaí ag obair, Tra-la-la-la-laa
Ag déanamh cáca, Tra-la-la-la-laa
Ceann mór, an ea? Ceann mór hu-ra
Ceann milis, ceann mór, Tra-la-la-la-laa.